Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn, rud a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí aige agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa cheadaithe. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochtta dóibh a cuid oibre agus bíonn a plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí, a bhíonn á cheadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.



Sínte:

Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Dáta: 28 Feabhra 2024

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Comhshaoil – Cuntas Scoir

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Comhshaoil (atá díscailte anois) a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don tréimhse 18 mí dar críoch an 30 Meitheamh 2023 faoi alt 9(5) den Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara.

I mo thuairim, cuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais

- na hidirbhearta ar an gCiste Comhshaoil don tréimhse 18 mí dar críoch an 30 Meitheamh 2023, agus
- iarmhéid an Chiste ag an 30 Meitheamh 2023.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idimáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idimáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta.

Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus chomhlíon mé na freagrachtaí eitiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar an bhfaisnéis sa ráiteas agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscim trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Márta 2024

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Tá an Roinn freagrach as na nithe seo a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormaid arna sonraí ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide de réir alt 9(4) den Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022
- a chinntiú go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais idirbhearta an Chiste Comhshaoil don tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na tréimhse
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann sí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 9(5) den Acht ráitis airgeadais an Chiste Comhshaoil a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonphárteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis sin, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás gurb ann d'ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gurb ann d'aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

1. Cuspóir an Chiste Comhshaoil

Is é cuspóir an Chiste Comhshaoil ná gníomhaíochtaí comhshaoil agus tacaíochtaí comhshaoil a chistiú.

2. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Comhshaoil leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001. Déantar na fáltais ón tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún agus ón tobhach ar mhálaí plaisteacha a mbailíonn na hÚdaráis Áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim faoi seach iad a íoc isteach sa Chiste Comhshaoil chun gníomhaíochtaí comhshaoil a chumhdach.

Bhainistigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Ciste Comhshaoil don tréimhse ocht mí dhéag dar críoch an 30 Meitheamh 2023, agus cuireadh na costais riaracháin ghaolmhara ar Vóta 29 – Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáid. Scoireadh den Chiste Comhshaoil an 30 Meitheamh 2023, agus an Ciste um an nGeilleagar Ciorclach ag teacht isteach ina áit.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an chiste ar bhonn fabhrúithe don tréimhse ocht mí dhéag dar críoch an 30 Meitheamh 2023 i bhfoirm agus ar mhodh a cheadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh toisc go leanfaidh na gníomhaíochtaí ar aghaidh laistigh den Chiste um an nGeilleagar Ciorclach leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos. Chun léiriú a éascú, is amhlaidh, ar fud na ráiteas airgeadais, is ionann 2023 agus an tréimhse ocht mí dhéag ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 agus is ionann na figiúirí inchomparáide a tuairiscíodh sa bhliain 2021 agus an tréimhse dhá mhí dhéag ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

3. Beartas Cistiúcháin

Cistítear an Ciste Comhshaoil trí fháltais ó Údaráis Áitiúla i ndáil le tobhaigh ar líontaí talún agus trí fháltais ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le tobhaigh ar mhálaí plaisteacha. Amhail an 30 Meitheamh 2023, bhí dhá chuntas bainc ann a sealbhaíodh le Danske Bank: cuntas bainc taisce le haghaidh fáltas; agus cuntas íocaíochtaí eile. Aistríodh na cistí sa chuntas bainc fáltas chuig an gcuntas bainc íocaíochtaí lena n-eisíoc leis na híocaíthe ábhartha. Sular osclaíodh na cuntais le Dankse Bank, bhí dhá chuntas bainc ann a sealbhaíodh le Banc na hÉireann. Dúnadh na cuntais sin i mí na Bealtaine 2022.

4. Ioncam

Aithnítear ioncam an chiste mar a leanas:

- Tá na tobhaigh chomhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún bunaithe ar thonnáiste na dramhaíola a thaisctear i saoráidí poiblí agus príobháideacha líonadh talún ag rátaí arna sócrú ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is ar bhonn fabhrúithe a aithnítear fáltais ó thobhaigh chomhshaoil.
- Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha ag ráta 0.0322% in aghaidh an lae faoi alt 13(e) den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Féadfaidh údaráis áitiúla ús a ghearradh i leith mainneachtainí agus íocaíochtaí déanacha ag oibrítheoirí príobháideacha agus féadfaidh siad an t-ús sin a aisghabháil mar fhiachas conartha trí na cúirteanna.
- Féadfaidh údaráis áitiúla suas le 2% (€50,000 ar a mhéad in aghaidh na bliana) a asbhaint ó thobhaigh is iníoctha i leith saoráidí líonadh talún atá faoi oibriú príobháideach agus féadfaidh siad suas le 80% a asbhaint ó thobhaigh is iníoctha i leith saoráidí neamhúdaráithe líonadh talún. Féadfaidh údaráis áitiúla na suimeanna sin a choinneáil chun freastal ar na costais a thabhaíonn siad i leith bailiú agus forfheidhmiú.
- Is ionann an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a sholáthar agus an tsuim a bhailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach), 2001 (I.R. Uimh. 605 de 2001), arna leasú leis na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Leasú) (Uimh. 2), 2007 (I.R. Uimh. 167 de 2007).

5. Caiteachas

Aithníodh caiteachas ón gCiste Comhshaoil tar éis don Aire leithdháiltí buiséid a cheadú de réir alt 74(9) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, ina sonraítear na críocha ar chucu a fhéadfar íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste Comhshaoil agus ar an mbonn seo a leanas i ndáil leis na réimsí seo:

- Éilíonn comhlachtaí ceadaithe amhail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla leithdháiltí buiséadaithe i leith taighde agus forbartha, i leith riaracháin agus i leith ranníocaíochtaí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Cuireann Údaráis Áitiúla agus eagraíochtaí eile éilimh isteach lena gcomhlíontar coinníollacha na scéimeanna ceadaithe.
- Faightear earraí agus seirbhísí.
- Is ón gCiste Comhshaoil a aisíoctar na costais a thabhaíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a sholáthar a bhailiú, mar atá leagtha amach faoi chomhaontú oibriúcháin agus seirbhíse atá i bhfeidhm le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

6. Aistriú sócmhainní agus dliteanas ar scor den chiste

Maidir le haon airgead a fabhraíodh chun tairbhe an Chiste Comhshaoil roimh an 30 Meitheamh 2023 nó ar an dáta sin agus nár cuireadh do shochar an Chiste Comhshaoil, fabhrófar é chun tairbhe an Chiste um an nGeilleagar Ciorclach agus íocfar é isteach sa Chiste um an nGeilleagar Ciorclach.

Maidir le haon dliteanais de chuid an Chiste Comhshaoil amhail an 30 Meitheamh 2023, tagann siad chun bheith ina ndliteanais de chuid an Chiste um an nGeilleagar Ciorclach agus urscaoilfidh an tAire iad ón gCiste um an nGeilleagar Ciorclach.

Tar éis scor den Chiste Comhshaoil an 30 Meitheamh 2023, déanfar aon tagairt don Chiste Comhshaoil in aon achtachán nó in aon ionstraim faoi achtachán a fhorléiriú mar thagairt don Chiste um an nGeilleagar Ciorclach.

Maidir le haon tionscadail a tosaíodh agus a gealladh laistigh den Chiste Comhshaoil, cuirfear i gcrích iad laistigh den Chiste um an nGeilleagar Ciorclach.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas


Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don tréimhse ocht mí dhéag dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	<u>Nótaí</u>	<u>2022/2023^b</u> €	<u>2021</u> €
<u>Ioncam</u>			
Tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	1	12,703,115	8,488,406
Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha	2	2,384,547	3,355,231
Ús a fuarthas	3	660	-
Ioncam iomlán		<u>15,088,322</u>	<u>11,843,637</u>
<u>Caiteachas</u>			
Tionscnaimh forfheidhmiúcháin	4	4,423,396	4,215,428
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	5	2,785,674	1,476,198
An Geilleagar Ciorclach ^a	6	1,365,039	353,464
Feasacht ar an gcomhshaoil	7	4,095,000	2,167,000
Tionscnaimh frithbhurscair	8	1,610,637	1,719,481
Pleanáil réigiúnach bainistíochta dramhaíola	9	600,000	400,000
Costais a bhaineann leis an tobhach comhshaoil a bhailiú	10	611,999	401,844
An aeráid agus rialú ar aerthruailliú	11	80,563	15,655
Eile	12	300,204	210,149
Caiteachas iomlán	13	<u>15,872,512</u>	<u>10,959,219</u>
Barrachas/(easnamh) don tréimhse		<u>(784,190)</u>	<u>884,418</u>

Nóta ^a Tháinig athrú ar fhiigiúr comparáideach na bliana 2021 le haghaidh “eile” ó Ráitis Airgeadais na bliana 2021 toisc gur athaicmíodh caiteachas Geilleagair Chiorclaigh a tuairiscíodh faoi “eile” sa bhliain 2021 mar mhír líne leithleach chun críocha comparáide.

Nóta ^b Ioncam agus caiteachas ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 a tuairiscíodh sa bhliain 2023 (cuntas scoir tréimhse ocht mí dhéag) agus ioncam agus caiteachas ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 a tuairiscíodh sa bhliain 2021.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 7 go 8 agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe: 
Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Dáta: 28 Feabhra 2024

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 30 Meitheamh 2023

	<u>Nótaí</u>	2023 €	2021 ^a €
<u>Sócmhainní reatha</u>			
Ioncam fabhraithe	14	953,551	2,314,778
Réamhíocaíochtaí	15	689,193	228,155
Banc ^b	16	5,839,034	4,419,753
		<u>7,481,778</u>	<u>6,962,686</u>
<u>Dliteanais reatha</u>			
Speansais fhabhraithe	17	1,315,724	11,981
Na Coimisinéirí Ioncaim	18	1,580	2,041
		<u>1,317,304</u>	<u>14,022</u>
Glansócmhainní reatha		6,164,474	6,948,664
Glansócmhainní		<u>6,164,474</u>	<u>6,948,664</u>
Arna léiriú ag			
Cúlchistí Tosaigh ag an 1 Eanáir		6,948,664	6,064,246
Barrachas don tréimhse		(784,190)	884,418
		<u>6,164,474</u>	<u>6,948,664</u>

Nóta ^a Tuairiscíodh figiúirí na bliana 2021 amhail an 31 Nollaig 2021.

Nóta ^b Tháinig athrú ar fhiigiúr comparáideach na bliana 2021 do bhainc ó fhiigiúr ráitis airgeadais na bliana 2021 toisc gur athaicmíodh cuntas taisce Danske Bank ó infheistíochtaí chuig banc.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 7 go 8 agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe:


Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Dáta: 28 Feabhra 2024

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don tréimhse ocht mí dhéag dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	2022/2023 €	2021 ^a €
Réiteach an bharrachais leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas/(easnamh) don tréimhse	(784,190)	884,418
Ús ar thaiscí a tuilleadh	660	-
(Méadú)/laghdú i dtobhaigh atá dlite agus réamhíocaíochtaí	900,189	(387,970)
Méadú/(laghdú) i speansais fhabhráithe	1,303,282	(606,903)
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	1,419,941	(110,455)
Ráiteas faoi shreabhadh airgid		
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	1,419,941	(110,455)
Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh maoiniúcháin		
Ús a tuilleadh	(660)	-
	1,419,281	(110,455)
Réiteach an ghlansreafa airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí		
Athruithe i nglanchistí de bharr sreabhadh airgid		
Glanchistí i dtús na bliana	4,419,753	4,530,208
Glanchistí ag deireadh na tréimhse	5,839,034	4,419,753
Méadú/(laghdú) in airgead sa tréimhse	1,419,281	(110,455)

Nóta ^a Is le haghaidh tréimhse dhá mhí dhéag atá figiúirí na bliana 2021 a tuairiscíodh.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 go 8 agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe: 

Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Dáta: 28 Feabhra 2024

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún

Is é seo an tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chur i líonadh talún is infhaighte ó Údarás Áitiúla, glan ar aon suimeanna a choinníonn siad faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil), 2011.

	2022/2023	2021
	€	€
Líontaí talún atá faoi oibriú príobháideach		
Tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	12,925,654	8,637,956
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	41	-
Costais riaracháin na nÚdarás Áitiúil	(222,850)	(150,000)
	<u>12,702,845</u>	<u>8,487,956</u>
Líontaí talún neamhúdaraithe		
Tobhach ar dhramhaíl a chur i líonadh talún	1,350	2,250
Costais riaracháin na nÚdarás Áitiúil	(1,080)	(1,800)
	<u>270</u>	<u>450</u>
	<u>12,703,115</u>	<u>8,488,406</u>

2. Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha

Is é seo an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha is infhaighte ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith ioncam a bhailítear trí mhálaí plaisteacha a dhíol. Ba í an chúis phríomha ar tháinig laghdú ar fháltais ná na hiarrachtaí atá ar bun laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as málaí plaisteacha aonúsáide a bhfuil feidhm ag an tobhach maidir leo.

	2022/2023	2021
	€	€
Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha	<u>2,384,547</u>	<u>3,355,231</u>

3. Ús a fuarthas

Is ús a thuilltear ar chuntas taisce Danske Bank é seo.

	2022/2023	2021
	€	€
Ús Bainc	<u>660</u>	<u>-</u>

4. Tionscnaimh forfheidhmiúcháin

Soláthraítear cistiú forfheidhmiúcháin chun tacú le hobair na bPríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola. Soláthraítear cistiú forfheidhmiúcháin freisin chun tacú le hÚdaráis Áitiúla aonair tabhairt faoi bhearta forfheidhmiúcháin dramhaíola in aghaidh oibrítheoirí a bhfuil drochamhras ann go mbíonn siad ag gabháil do dhramhaíl neamhdhleathach ar mhórsála.

Soláthraítear leis an gceannteideal seo freisin cistiú do thionscnaimh frithdhumpála agus do chaiteachas a bhaineann le hoifigí réigiúnacha bainistíochta dramhaíola.

	2022/2023	2021
	€	€
Cistiú forfheidhmiúcháin dramhaíola	453,942	208,293
Príomhúdaráis réigiúnacha um fhorfheidhmiú dramhaíola	925,479	960,486
Comhairleacht maidir leis an mbeartas dramhaíola	13,153	-
Tionscnaimh frithdhumpála	2,829,546	2,915,233
Oifigí réigiúnacha bainistíochta dramhaíola	201,276	131,416
	<u>4,423,396</u>	<u>4,215,428</u>

5. Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Is ionann an figiúr seo agus na ranníocaíochtaí náisiúnta éigeantacha agus deonacha a dhéanann Éire le heagraíochtaí a phléann leis an gcomhshaol a chosaint.

	2022/2023	2021
	€	€
An beartas um radaíocht comhshaoil	<u>2,785,674</u>	<u>1,476,198</u>

6. An Geilleagar Ciorclach

Is é is geilleagar ciorclach ann ná geilleagar ina n-íoslaghdaítear úsáid dramhaíola agus acmhainní, ina ndéantar luach na dtáirgí agus na n-ábhar a chothabháil ar feadh na tréimhse is faide is féidir agus inarb amhlaidh, nuair a shroicheann táirge deireadh a shaolré, is féidir a chomhpháirteanna a úsáid arís agus arís eile chun táirgí úsáideacha eile a chruthú.

Tacaíonn Geilleagar Ciorclach le tionscadail a oibríonn sa spás geilleagair chiorclaigh chun an geilleagar ciorclach a chur ar aghaidh in Éirinn agus chun feasacht a mhúscailt ar an ngá le haistriú chuig an ngeilleagar ciorclach. Tacaíonn na cistí go díreach le fás an gheilleagair chiorclaigh in Éirinn agus is samplaí iomráiteacha den dea-chleachtas iad chun inspioráid a thabhairt do chinn eile.

	2022/2023	2021
	€	€
An Geilleagar Ciorclach	<u>1,365,039</u>	<u>353,464</u>

7. Feasacht ar an gcomhshaol

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar fheasacht ar an gcomhshaol a mhéadú agus ar fhothú acmhainneachta i measc Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil.

	2022/2023	2021
	€	€
Líonra Comhshaoil na hÉireann – croíchistiú/cistiú le haghaidh fothú acmhainneachta agus tionscadal	3,375,000	1,764,000
<i>Cúnamh deontais</i>		
Scoileanna glasa	300,000	200,000
Gradaim na gcomhshaoilaithe óga	180,000	90,000
An Biúró Eorpach Comhshaoil	-	5,000
Gradaim ghlasa	232,500	100,000
Feasacht ar Choinbhinsiún Aarhus	-	3,000
Eacnamaí óg na bliana	7,500	5,000
	<u>4,095,000</u>	<u>2,167,000</u>

8. Tionscnaimh frithbhruscair

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar raon tionscnamh éagsúil, lena n-áirítear iad seo a leanas:

	2022/2023	2021
	€	€
Deontais feasachta frithbhruscair d'údaráis áitiúla	848,556	1,414,472
An glantachán náisiúnta earraigh	329,513	211,007
An córas náisiúnta faireacháin ar thruailliú ó bhruscar	77,706	60,483
Sraith náisiúnta bruscair Irish Business Against Litter	54,868	33,519
Clár scoileanna 'Picker Pals'	299,994	-
	<u>1,610,637</u>	<u>1,719,481</u>

9. Pleanáil réigiúnach bainistíochta dramhaíola

Is ionann an figiúr seo agus na híocaíochtaí a rinneadh chun tacú le trí phríomhúdarás réigiúnacha um pleanáil bainistíochta dramhaíola, a bunaíodh chun comhordú agus cur chun feidhme na dtrí Phlean Bainistíochta Dramhaíola 2015-2021 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2015 a fhormhaoirsiú, ar pleananna iad a dtiocfaidh Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola 2023-2029 atá le foilsiú amach sa bhliain 2023 isteach ina n-áit.

	2022/2023	2021
	€	€
Deontas d'oifigí réigiúnacha um pleanáil bainistíochta dramhaíola	<u>600,000</u>	<u>400,000</u>

10. Costais a bhaineann leis an tobhach comhshaoil a bhailiú

Is ionann an figiúr seo agus an táille bhliantúil seirbhíse a comhaontaíodh le hOifig na gCoimisinéirí loncaim i leith an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a sholáthar a oibriú.

	2022/2023	2021
	€	€
Costais bhailiúcháin is infoctha le hOifig na gCoimisinéirí loncaim	611,999	401,844

11. An aeráid agus rialú ar aerthruailliú

Is ionann an figiúr seo agus an caiteachas a tabhaíodh chun aerthruailliú a laghdú.

	2022/2023	2021
	€	€
Maolú aeráide	-	15,655
Rialú ar aerthruailliú	80,563	-
	80,563	15,655

12. Eile

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar roinnt tionscnamh éagsúil eile, atá achoimrithe mar a leanas:

	2022/2023	2021 ^a
	€	€
Tionscnaimh spriocanna forbartha inbhuanaithe	250,688	30,276
Tionscnaimh inbhuanaithe	15,385	14,647
Dramhbhia a chosc	9,961	-
Cur chun cinn an Aontais Eorpaigh ar iarratais ar an gclár LIFE	9,000	7,500
Tionscnaimh freagrachta táirgeora	11,250	7,500
Gníomhaíocht an chiste nuálaíochta maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide	3,389	-
An Chomhairle Náisiúnta	-	99,967
Eacnamaíoch agus Sóisialach	-	50,000
Taighde ar am oibre a laghdú Táillí bainc	531	259
	300,204	210,149

Nóta ^a Tháinig athrú ar fhiigiúr comparáideach na bliana 2021 le haghaidh “eile” ó Ráitis Airgeadais na bliana 2021 toisc gur athaicmíodh suim €353,464 a tuairiscíodh faoi Dhramhaíl a Chosc in “eile” sa bhliain 2021 chuig nóta 6 – An Geilleagar Ciorclach.

13. Caiteachas

Is féidir an caiteachas iomlán ón gCiste Comhshaoil a achoimriú mar a leanas:

	2022/2023	2021
	€	€
Cláir agus tionscnaimh Údaráis Áitiúil	5,709,089	6,029,899
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	7,316,817	3,435,198
Eile	2,846,606	1,494,122
	15,872,512	10,959,219

14. Ioncam fabhraithe

Suimeanna a bhí dlite don Chiste Comhshaoil amhail an 30 Meitheamh 2023.

	2023	2021
	€	€
Tobhach atá dlite ó Údaráis Áitiúla ar líontaí talún atá faoi oibriú príobháideach	641,846	1,269,320
Tobhach atá dlite ó Údaráis Áitiúla ar líontaí talún neamhúdaraíthe	120	150
Ioncam atá dlite ó na Coimisinéirí Ioncaim mar gheall ar an tobhach ar mhálaí plaisteacha	311,585	1,045,308
	953,551	2,314,778

An 15 Feabhra 2024, fuarthas €5m isteach sa Chiste um an nGeilleagar Ciorclach mar shocraíocht ar chinneadh ón gCoimisiún um Achomhairc Chánach maidir le tobhaigh chomhshaoil ar mhálaí plaisteacha. Leis an gcinneadh sin, dar dáta an 6 Meán Fómhair 2023, diúltaíodh d'achomharc ó shreang mhór ollmhargaí i ndáil le measúnuithe cánach dar luach €8.5m a bhain le tobhaigh neamhbhailithe ar mhálaí plaisteacha áirithe thar thréimhse ceithre bliana idir 2004 agus 2008. I mí na Samhna 2009, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim Fógraí Measúnachta i suim €36.5m. I mí na Samhna 2021, áfach, tar éis athbhreithniú mionsonraithe ó na Coimisinéirí Ioncaim, leasaíodh an tsuim sin chuig €8.5m. Foilsíodh an cinneadh (150TACD2023) ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Achomhairc Chánach i mí Dheireadh Fómhair 2023.

15. Réamhíocaíochtaí

	2022/2023	2021
	€	€
Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta		
- An beartas um radaíocht comhshaoil	689,193	228,155

16. Banc

Is ionann é seo agus an t-iarmhéid sa dá chuntas bainc a shealbhaigh an Ciste Comhshaoil le Danske Bank amhail an 30 Meitheamh 2023. An 16 Bealtaine 2022, dhún an Roinn dhá chuntas bainc a sealbhaíodh le Banc na hÉireann.

	2023	2021 ^a
	€	€
Iarmhéid sa chuntas fáltas	5,832,878	4,417,732
Iarmhéid sa chuntas íocaíochtaí	6,156	2,021
	5,839,034	4,419,753

Nóta ^a Tháinig athrú ar fhigiúr comparáideach na bliana 2021 do bhainc ó fhigiúr ráitis airgeadais na bliana 2021 toisc gur athaicmíodh cuntas taisce Danske Bank ó infheistíochtaí chuig banc. I mí na Bealtaine 2021, dúnadh an cuntas Infheistíochta a sealbhaíodh leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus, faoi Chreat Baincéireachta an Rialtais, aistríodh an t-iarmhéid chuig cuntas taisce nua a shealbhaítear le Danske Bank.

17. Fabhruithe

Suimeanna a bhí dlite ag an gCiste Comhshaoil amhail an 30 Meitheamh 2023.

	2023 ^b	2021
	€	€
Speansais fhabhraithe		
An Geilleagar Ciorclach	390,717	11,981
Tionscnaimh frithbhruscair	199,956	-
Pleanáil réigiúnach bainistíochta dramhaíola	200,000	-
Costais bhailiúcháin i ndáil leis an tobhach ar mhálaí plaisteacha	205,000	-
Feasacht ar an gcomhshaoil	240,000	-
Tionscnaimh spriocanna forbartha inbhuanaithe	9,301	-
Tionscnaimh freagrachta táirgeora	3,750	-
Tionscnaimh forfheidhmiúcháin	67,000	-
	1,315,724	11,981

Nóta ^b Tharla an méadú mór i speansais fhabhraithe ag an 30 Meitheamh 2023 mar gheall ar an gcuntas scoir a bheith i lár na bliana.

18. Na Coimisinéirí Ioncaim

Na Coimisinéirí Ioncaim	2023	2021
	€	€
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	1,580	2,041